# Oifigeach Cléireachais – Rannóg Airgeadais
# Conradh

**Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh Oifigeach Cléireachais, post ar chonradh, a bheidh ag feidhmiú mar chuid d'fhoireann dhíograiseach sa Rannóg Airgeadais. Táthar ag lorg duine cumasach agus tiomanta.**

**Dualgais**

- Sonraisc soláthraithe a bhainistiú go leictreonach.
- A chinntiú go bhfuil soláthraithe cáin-chomhlíontacha
- Na ráitis óna soláthraí a réiteach le cuntas na soláthraí ag deireadh gach mí.
- Déileáil le fiosrúchán soláthraithe
- Tuairiscí agus obair riaracháin eile.

**Bheadh na tréithe a leanas ag sáriarrthóir ar an bpost:**

- Cáilíochtaí cuí 3ú leibhéal ag iarratasóirí agus taithí ábhartha airgeadais.
- Scileanna eagrúcháin láidre chomh maith le haird ar mhionsonraí agus ar chruinneas,
- Cumas i bhfeidhmiú córais ríomhaireachta airgeadais agus pacáistí caighdeánacha ríomhaireachta ar nós MS Word, Excel, Teams, Outlook. Eolas faoi One Drive agus Sharepoint ina bhuntáiste ach níl sé riachtanach,
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, i nGaeilge agus i mBéarla, i scríbhinn agus ó bhéal.

Is post ar chonradh é seo. Tá scála tuarastail ag grád Oifigeach Cléireachais idir €27,822 - €44,865 ag dul leis an bpost seo. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Sa chás go dtiocfadh folúntais chun cinn sa Rannóg Airgeadais le linn shaolré an Oird Fiúntais, forchoimeádann Údarás na Gaeltachta an cead poist den chineáil luaite sa bhfógra seo a thairiscint ar bhonn thorthaí an chomórtais seo. Mairfidh an painéal seo dhá bhliain

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha i nGaillimh.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie

https://udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/fostaiocht/poist-udaras-na-gaeltachta/

**Glacfar le hiarratais go dtí 4.00 i.n. 24 Bealtaine 2024**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*